Truailliú uisce

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thruailliú uisce san fharraige agus in aibhneacha i mbailte sa Ghaeltacht. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. séarachas _____
2. amh _____
3. cóireáil séarachais _____
4. ag sileadh _____
5. feithidí _____
6. tionscail innealtóireachta _____
7. tabhair chun críche _____
8. achomharc _____
9. ionad cóireála fuíolluisce _____
10. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.



Ceist 2 Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacaigí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos, is leor iad a rá amach os ard.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad baile atá luaite sa tuairisc ina bhfuil séarachas amh ag sileadh isteach san fharraige nó in aibhneacha? Cá bhfuil siad?
2. Cad a bhí le rá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoin scéal?
3. Cad iad na tuairimí a chuir Aodán Mac Donncha in iúl?
4. Cén bhaint atá ag Uisce Éireann leis an scéal?

Ceist 4 '…comhs**h**aol…'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'saol' san fhocal thuas? Bain úsáid as samplaí eile chun do fhreagra a mhíniú.

Ceist 5 '…do s**h**láinte an duine...' agus '…le fadhb an tséarachais…'

A. Cuir na réamhfhocail shimplí sna boscaí cuí:

de, do, roimh, ag, i, faoi, le, sa, ó, thar, go

Ainmfhocail dar tús consan		
Séimhiú (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*)	**Gan séimhiú** (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo)	**Urú** (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é)

*Tá rialacha faoi leith ann i gcás 'sa' + ainmfhocail dar tús 'd', 's' agus 't':
- Ní shéimhítear 'd' ná 't' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa d**ialann; **sa t**each.
- Cuirtear 't' roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús 's' + guta nó dar tús 'sl-', 'sn-', 'sr-' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa ts**ráid; **sa ts**eachtain.
- Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús 's' i ndiaidh 'sa' (ach amháin i gcanúint Uladh). e.g. **sa s**eomra.

B. Cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Nach aisteach an scéal é faoi (Pól) _____.
2. Beidh Sorcha ag dul go (Corcaigh) _____ amárach.
3. Bain an leabhar de (Bríd) _____ agus tabhair do (Máire) _____ é.
4. Ní bheidh Sinéad anseo roimh (deireadh) _____ na seachtaine.
5. An bhfaca tú an áit a raibh an cat i (folach) _____?
6. Cad atá mícheart le (mac) _____ an mhúinteora?
7. Tá mise ar mo bhealach ó (Doire) _____ anois. Cá bhfuil tú féin?
8. Shiúil sí thar (siopa) _____ an ghrósaera cúig nóiméad ó shin.
9. Tá an fear sin ag tabhairt amach do (Cathal) _____.
10. An bhfuil Áine sa (gluaisteán) _____ cheana féin?

C. Cén fáth a dúirt Maolra Mac Donnchadha 'sa nGaeltacht' sa mhír?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén fáth nár cheart do shéarachas amh dul isteach san fharraige? Cén fáth a bhfuil a leithéid fós ag tarlú sa tír seo, dar leat?
2. An dtéann tú ag snámh san fharraige? Cad chuige?
3. Cén pionós ba cheart don rialtas a chur ar dhaoine a chaitheann bruscar ar an tsráid?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. séarachas	*sewerage*
2. amh	*raw*
3. cóireáil séarachais	*sewerage treatment*
4. ag sileadh	*trickling*
5. feithidí	*insects*
6. tionscail innealtóireachta	*engineering industries*
7. tabhair chun críche	*bring to pass, to an end*
8. achomharc	*appeal*
9. ionad cóireála fuíolluisce	*wastewater treatment plant*
10. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	*Environmental Protection Agency, EPA*

Ceist 2

Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Comhfhocal atá san fhocal ‘comhshaol’. Ciallaíonn comhfhocal go bhfuil dhá fhocal, nó níos mó, ag teacht le chéile in aon fhocal amháin. Séimhítear an dara focal (tríú…) sa chomhfhocal mura dtagann focail leis na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** le chéile – comhs**h**aol, pobalb**h**reith ach seanteach agus meánscoil. Braitheann inscne an fhocail ar an dara focal (an focal deireanach) de ghnáth, mar shampla – sráid (bn) + baile (fir) = an sráidbhaile (fir); bun (fir) + scoil (bn) = an bhunscoil (bn).

Ceist 5

A.

Ainmfhocail dar tús consan		
Séimhiú (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*)	**Gan séimhiú** (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo)	**Urú** (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é)
de, do, roimh, faoi, sa, ó, thar	*ag, go, le*	*i*

B.

1. Nach aisteach an scéal é faoi **Phól**.
2. Beidh Sorcha ag dul go **Corcaigh** amárach.
3. Bain an leabhar de **Bhríd** agus tabhair do **Mháire** é.
4. Ní bheidh Sinéad anseo roimh **dheireadh** na seachtaine.
5. An bhfaca tú an áit a raibh an cat i **bhfolach**?
6. Cad atá mícheart le **mac** an mhúinteora?
7. Tá mise ar mo bhealach ó **Dhoire** anois. Cá bhfuil tú féin?
8. Shiúil sí thar **shiopa** an ghrósaera cúig nóiméad ó shin.
9. Tá an fear sin ag tabhairt amach do **Chathal**.
10. An bhfuil Áine sa **ghluaisteán** cheana féin?

C. Tá canúint Chonnacht ag Maolra Mac Donnchadha, agus cuirtear urú seachas séimhiú ar an ainmfhocal tar éis **sa** sa chanúint sin.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha
Anois, tá tríocha a hocht baile sa tír ina bhfuil séarachas amh ag dul i bhfarraige nó in abhainn. Sa nGaeltacht atá seacht gcinn de na bailte. Sa tuarascáil is deireanaí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, deirtear go bhfuiltear ag déanamh dochar do shláinte an duine mar nach bhfuil an Stát ag caitheamh a dhóthain airgid ar chóireáil séarachais.

Shane Ó Curraighín
Deir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an EPA, go bhféadfadh tamall maith imeacht thart sula gcuirfear deireadh le fadhb an tséarachais amh sa tír. Tá seacht mbaile Gaeltachta ann ina bhfuil séarachas amh ag sileadh i bhfarraige agus in aibhneacha – An Cheathrú Chaol, An Fál Carrach, Ailt an Chorráin, Cill Charthaigh, An Cheathrú Rua, An Spidéal agus Inse Geimhleach.

Liam Ó Súilleabháin, Cigire, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Cuireann sé seo sláinte an phobail agus an timpeallacht i mbaol. Tá an baol ann go dtiocfaidh…go gcuirfidh na feithidí atá san uisce isteach ar shláinte na ndaoine a théann isteach san uisce – bádóirí agus daoine a théann ag snámh. Caithfear na tionscail innealtóireachta agus na tionscail infreastruchtúir atá faoi bhainisteoireacht Uisce Éireann a thabhairt chun críche níos tapúla.

Shane Ó Curraighín
Sa Spidéal i gContae na Gaillimhe, tá achomharc á bheartú[1] ag roinnt daoine i gcoinne cead pleanála[2] a bronnadh ar Uisce Éireann d'ionad cóireála fuíolluisce toisc giorracht an tsuímh do scoil náisiúnta. Tá bratacha gorma caillte ag tránna sa Spidéal as siocair an tséarachais.

Aodán Mac Donncha, Comhlacht Forbartha an Spidéil
Tá truailliú á dhéanamh ar an dá thrá anseo agus teastaíonn é sin a leigheas. Agus tá…bunaíodh an feachtas scór bliain[3] ó shin agus ba mhaith linn go mbeadh sé leigheasta agus go dtiocfar ar shocrú anois leis an iarratas[4] seo, bealach amháin nó bealach eile. Ag deireadh an lae, go bhfaigheadh muid na bratacha gormacha ar ais ar an trá, go gcuirfeadh sé leis an turasóireacht agus nach mbeadh séarachas amh ag dul amach sa bhfarraige.

Shane Ó Curraighín
Chuir an EPA an dlí ar Uisce Éireann maidir le naoi mbaile[5] anuraidh, an Spidéal san áireamh.

Dúirt Uisce Éireann inniu go bhfuil tús áite á thabhairt acu do na bailte nach bhfuil ag teacht le caighdeán cóireála séarachais an Aontais Eorpaigh.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4.

[1] *á mbeartú* a dúradh
[2] *chead pleanála* a dúradh
[3] *blianta* a dúradh
[4] *leis an t-iarratas* a dúradh
[5] *bailte* a dúradh